Poist

1. Folúntas do Bhainisteoir na dTuras Scoile
Cur síos Ginearálta
Tá sé de chúram ar Bhainisteoir na dTuras Scoile, gnó na dturas scoile agus na dturas gnó a bhainistiú. Is é príomhaidhm an bhainisteora a chinntiú go ndéantar freastal mar is cuí ar riachtanais gach grúpa faoina c(h)úram ionas go bhfágfaidh siad sásta le gach gné dá gcuid ama in UISCE. Tá Bainisteoir na dTuras Scoile freagrach as gach gné de thurais na ngrúpaí; riaradh, lóistíocht agus eagrú an chúrsa, do gach grúpa a thugann cuairt ar an ionad. Tá sé de chúram air/uirthi gnó nua a aimsiú agus teagmháil a dhéanamh le scoileanna, comhlachtaí agus clubanna chun féilire shéasúr na ngrúpaí a líonadh.

Riachtanais
Ní mór d'iarrthóirí na riachtanais thíosluaite a chomhlánú ionas go bhféadfar an post a dhéanamh mar is cuí:

1. Gaeilge líofa
2. Cumas scríbhneoireachta Gaeilge ar ardchaighdeán
3. Ceadúnas tiomána iomlán
4. Ardchumas scileanna sóisialta agus óstaigh
5. Teastas ardteistiméireachta bainte amach

Cáilíochtaí inmhianaithe
Siod iad dea-thréithe inmhianaithe an iarrthóra idéalaigh:

1. Cáilíocht mhúinteoireachta
2. Uimhir ón gcomhairle múinteoireachta
3. Cáilíocht thríú leibhéal
4. Ardchumas scileanna ag obair le *Microsoft – Excel* ach go háirithe
5. Taithí i spórt uisce nó obair i gColáiste UISCE
6. Taithí bhainistíochta nó i mbainistíocht dhaonna

Má tá suim agat i bpost linn, déan teagmháil linn @: foireann@uisce.ie
Is é 31/09/22 an spriocdáta le haighead iarratas a chuir isteach.
Tá eolas sa bhreis le fáile ar https:/uisce.ie/jobs